C/2026/6029

17.11.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/6029)

TEACHTAIRECHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Bierzo’

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0615-AM04 — 17.8.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Bierzo’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia, Ard-Stiúrthóireacht um Bia, Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge an ATFC ‘Bierzo’; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d’aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: (a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí a ainmnítear leis an tásc geografach; níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

ATHRUITHE AR PHARAIMÉADAIR FHISICEACHA AGUS CHEIMICEACHA NA bhFÍONTA

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Baineadh an líne ina léirítear na huasluachanna iomlána siúcra (arna sloinneadh in g/l de ghlúcós + fruchtós) i dtábla na bparaiméadar anailíseach agus cuireadh mír ag bun an tábla ina hionad ina luaitear gurb é cion glúcóis + fruchtóis na bhfíonta a chumhdaítear an cion a chomhfhreagraíonn don téarma 'tirim' sa reachtaíocht atá i bhfeidhm. Dá bhrí sin, meastar gur fíon é fíon tirim ag a bhfuil uasluach glúcóis + fruchtóis 4 g/l nó suas le 9 g/l i gcás nach lú an aigéadacht iomlán (arna sloinneadh in g/l d'aigéad tartarach) ná 2 ghram in aghaidh an lítir faoi bhun an mhéid siúcra (glúcós + fruchtós).

Ar an dara dul síos, tá feidhm anois ag an uasteorainn aigéadachta luainí 1 g/l d'aigéad aicéiteach le haghaidh fíonta níos sine ná bliain d'aois maidir le fíonta geala, fíonta *rosé* agus fíonta clarete, mar atá cheana féin i gcás fíonta dearga.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den Doiciméad Aonair.

☑ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

LEASÚ AR CHLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA, MODHANNA FÁIS

Tuairisc

Baineadh an srian a chuir teorainn le húsáid uisciúcháin le linn an chéad 2 bhliain i bplanduithe nua, agus tugadh isteach riail ar dá réir nach gceadaítear uisciú ach amháin nuair atá údar leis chun marthanas na bplandaí a áirithiú, nó chun cáilíocht na fíonchaoire a áirithiú nó a fheabhsú.

Baineann an leasú seo le pointe 3(a) den tsonraíocht táirge agus le pointe 7.1 den Doiciméad Aonair.

☑ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

LEASÚ AR CHLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA SHONRACHA, TÁIRGEADH AN FHÍONA AGUS DÁLAÍ AIBIÚCHÁIN

Tuairisc

Leasaíodh neart alcóil féideartha íosta chineál Godello, ó 12,0 % go 11,5 % de réir toirte.

Cuireadh roinn isteach lena rialaítear na coinníollacha maidir leis an aibiú agus úsáid téarmaí traidisiúnta, lena n-áirítear dáta tosaigh na tréimhse aibiúcháin le haghaidh fhíonta Crianza (an 1 Nollaig de bhliain na buana) agus tús ríomh na tréimhse aibiúcháin le haghaidh fhíonta Reserva nó Gran Reserva (nuair a dhéantar an fíon i mbairillí). Meastar go ndearnadh próiseas aibiúcháin ar fhíon nuair a chaith sé 3 mhí ar a laghad sa bhairille, cibé acu a coipeadh ansin é nó nár coipeadh.

Baineann an leasú seo le pointí 3(b.1) agus (b.2) den tSonraíocht agus le pointe 7.1 den Doiciméad Aonair.

☑ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

COINNÍOLLACHA TÁIRGEACHTA A ÁIREAMH I bPLANDÚ NUA AGUS I bPLANDÚ BEANGAITHE

Tuairisc

Cuirtear dhá roinn nua leis. Rialaítear leis an gcéad cheann an táirgeadh uasta incheadaithe i bplanduithe nua, lena mbunaítear na teorainneacha seo a leanas ag brath ar aois an fhíonghoirt (a áirítear ó bhliain an phlandaithe de réir na roinne fíonóireachta de Chlár Ghabháltais Talmhaíochta na Caistíle agus León):

— 0 kg/ha i mbliain an phlandaithe

— 0 kg i mbliain 1 tar éis bhliain an phlandaithe

— 50 % den táirgeacht uasta iomlán i mbliain 2 tar éis bhliain an phlandaithe

— 100 % den táirgeacht uasta iomlán i mbliain 3 tar éis bhliain an phlandaithe.

Rialaítear leis an dara roinn an táirgeacht uasta inghlactha i bplandú beangaithe, lena mbunaítear na teorainneacha seo a leanas atá le ríomh ar bhonn na huastáirgeachta in aghaidh an heicteáir agus bliain an bheangaithe á cur san áireamh:

— 0 kg/ha i mbliain an bheangaithe.

— 50 % den táirgeacht uasta iomlán i mbliain 1 tar éis bhliain an bheangaithe

— 100 % den táirgeacht uasta iomlán i mbliain 2 tar éis bhliain an bheangaithe.

Baineann an leasú sin le pointe 5.5 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don Doiciméad Aonair.

☐ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

TAGAIRTÍ RIALÁLA A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

Tuairisc

Tugtar an tagairt rialála cothrom le dáta go dtí an tagairt atá i bhfeidhm: Ordú AGR/842/2020 an 2 Meán Fómhair 2020 ó Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Beostoic agus Forbartha Tuaithe Phobal Féinrialaitheach na Caistíle agus León lena bhformheastar an Rialachán maidir le hAinmniúchán Tionscnaimh Bierzo agus a Bhord Rialála.

Baineann an leasú sin le pointe 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don Doiciméad Aonair.

☐ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

SUÍOMHANNA FÍONSAOTHRÚCHÁIN AITHEANTA A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

Tuairisc

Is nuashonrú é sin ar na suíomhanna fíonsaothrúcháin aitheanta (aonaid gheografacha níos lú) laistigh den Ainmniúchán Tionscnaimh 'Bierzo', lena gceartaítear ainmniúcháin earráideacha agus lena n-ionchorpraítear na hainmniúcháin sin nár tháinig chun cinn roimhe sin.

Baineann an leasú sin le pointe 8(b.3) den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don Doiciméad Aonair.

☐ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha an fhíona

'Bierzo'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0615-AM04 — 17.8.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Bierzo'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, dath idir buí éadrom agus buí órga.

Blas

Fíonta láidre de dhéine idir measartha agus ard lena mbaineann dea-bholaithe torthaíocha (torthaí bána, clochthorthaí, torthaí citris) agus/nó siollaí bláthacha (bláthanna bána, bláthanna buí). Chomh maith leis an méid thuas, ar fhíonta geala a choiptear nó a aibítear i mbairillí beidh na dea-bholaithe is saintréithe don phróiseas coipiúcháin nó aibiúcháin, amhail dea-bholaithe cnónna, tóstáilte, fanaile nó taosráin.

Blas

Fíonta úra ag a bhfuil tathag idir measartha agus iomlán agus iarbhlas idir measartha agus fada.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

i bhfíon atá níos óige ná 1 bhliain d'aois: 13,33 mEq/l.

i bhfíon atá níos sine ná 1 bhliain d'aois: 16,67 mEq/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta *rosé*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, idir bándearg éadrom agus dath dearg an rúibín, agus d'fhéadfadh toin ar dhath an bhradáin a bheith ann. D'fhéadfadh an *robe* a bheith idir an-éadrom agus meánach.

Blas

Fíonta láidre de dhéine idir measartha agus ard lena mbaineann dea-bholaithe torthaíocha (torthaí dearga, torthaí dubha, torthaí citris) agus/nó siollaí bláthacha (bláthanna bána, sailchuacha).

Blas

Blas úr ag a bhfuil tathag idir measartha agus iomlán agus iarbhlas idir measartha agus fada.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

i bhfíon atá níos óige ná 1 bhliain d'aois: 13,33 mEq/l.

i bhfíon atá níos sine ná 1 bhliain d'aois: 16,67 mEq/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge finiúna

Fíonta clarete:

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, idir bándearg éadrom agus dath dearg an rúibín, lena mbaineann *robe* a d'fhéadfadh a bheith idir an-éadrom go meánach.

Blas

Láidir, lena mbaineann déine idir measartha agus ard agus dea-bholaithe torthaí dearga agus/nó dubha agus/nó bláthanna sailchuacha.

Blas

Úr, lena mbaineann iarbhlas idir measartha agus fada agus tathag idir measartha agus iomlán.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

i bhfíon atá níos óige ná 1 bhliain d'aois: 13,33 mEq/l.

i bhfíon atá níos sine ná 1 bhliain d'aois: 16,67 mEq/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta dearga

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, lena mbaineann *robe* idir measartha go han-láidir, agus dath idir corcra agus dearg.

Fíonta dearga aibithe: glan. Bíonn fíonta dearga 'Roble' agus 'Crianza' idir corcra agus dearg, agus idir dearg agus donnrua i gcás fhíonta 'Reserva' agus 'Gran Reserva', lena mbaineann *robe* idir measartha agus láidir.

Blas

Láidir, lena mbaineann déine idir measartha agus ard agus dea-bholaithe torthaí dearga agus/nó dubha agus/nó sailchuacha.

Fíonta dearga aibithe:

Láidir, déine idir measartha agus ard, lena mbaineann dea-bholaithe torthaíocha (torthaí dearga, torthaí dubha, torthaí aibí) agus/nó siollaí bláthacha (sailchuacha), agus dea-bholaithe treasacha ar saintréith iad den phróiseas aibiúcháin i mbairillí, amhail fanaile, cnó cócó, dea-bholaithe tóstáilte, balsamacha agus spíosraí.

Blas

Úr, agus struchtúr, iarbhlas agus tathag aige.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	4
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	130

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

i bhfíon atá níos óige ná 1 bhliain d'aois: 13,33 mEq/l.

i bhfíon atá níos sine ná 1 bhliain d'aois: 16,67 mEq/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

MODHANNA FÁIS

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

De ghnáth, tá toirmeasc ar úsáid uisciúcháin i saothrú fíniúnacha a úsáidtear chun fíonta ag a bhfuil an tAinmniúchán Tionscnaimh 'Bierzo' a tháirgeadh. Ní fhéadfar uisciú a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil údar leis chun marthanas na bplandaí a áirithiú nó chun cáilíocht na bhfíonchaor a áirithiú nó a fheabhsú.

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

— Neart alcóil féideartha íosta na bhfíonchaor: 12 % de réir toirte i gcás na gcineálacha dearga (seachas Garnacha Tintorera: 11 % de réir toirte) agus 11 % de réir toirte i gcás na gcineálacha geala (seachas Godello: 11,5 % de réir toirte).

— Táirgeacht eastósctha nach mó ná 74 l in aghaidh an 100 kg d'fhíonchaora.

— Dálaí aibiúcháin

— Ní mór na coinníollacha a leagtar síos sna caighdeáin agus sna rialacháin shonracha agus sa reachtaíocht is infheidhme a chur san áireamh maidir le húsáid na dtéarmaí traidisiúnta 'CRIANZA', 'RESERVA' agus 'GRAN RESERVA' i bhfíonta a chumhdaítear leis an ATFC 'BIERZO'.

— Meastar go ndearnadh próiseas aibiúcháin ar fhíon nuair a bhíonn 3 mhí ar a laghad caite aige sa bhairille, cibé acu a coipeadh ansin é nó nár coipeadh.

— Maidir leis an téarma traidisiúnta 'CRIANZA', meastar go dtosaíonn an tréimhse aibiúcháin ón 1 Nollaig de bhliain na buana. Maidir leis na téarmaí 'RESERVA' agus 'GRAN RESERVA', tosaíonn an tréimhse nuair a dhoirtear an choinsíneacht fíona isteach sa bhairille.

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

— Ní mór na cineálacha Mencía, Garnacha Tintorera, Estaladiña agus/nó Merenzao a bheith in 85 % ar a laghad den fhíon dearg. Féadfaidh aon chineál údaraithe a bheith sa chuid eile.

— Ullmhaítear an fíon *rosé* leis na cineálacha a údaraítear i gcuid 6 den doiciméad seo, agus 70 % ar a laghad d'fhíonchaora ó na cineálacha dearga.

— Ullmhaítear an fíon geal trí úsáid a bhaint as na cineálacha seo a leanas: Godello, Doña Blanca, Malvasía agus Palomino.

— Déantar an fíon clarete i gcomhréir leis an modh traidisiúnta chun an cineál sin fíona a tháirgeadh in El Bierzo agus dá bhrí sin ní mór céatadán na bhfíonchaor dearg údaraithe a úsáidtear a bheith idir 40 % agus 60 %, agus ní mór fíonchaora geala ó aon cheann de na cineálacha údaraithe a bheith sa chuid eile. Brúitear an táirge go díreach ansin nó déantar maothú réamhchoipiúcháin air sula mbrúitear é. Le linn choipeadh alcólach an úrfhíona, ní mór craicne a bhaintear as fíonchaora geala nó dearga a bheith idir 5 % agus 10 % de thoirt iomlán an úrfhíona fíonchaor.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineál Palomino

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	12 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineál Palomino

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	88,80
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha eile

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	11 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha eile

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	81,40
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— ALARIJE - MALVASÍA RIOJANA

— DOÑA BLANCA - MALVASÍA CASTELLANA

— ESTALADIÑA

— GARNACHA TINTORERA

— GODELLO

— MENCÍA

— MERENZAO

— PALOMINO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Cumhdaíonn an limistéar táirgeachta na bardais seo a leanas, ar bardais iad uile a bhaineann le cúige León: Arganza, Bembibre, Benuza, Berlanga del Bierzo, Borrenes, Cabañas Raras, Cacabelos, Camponaraya, Carracedelo, Carucedo, Castropodame, Congosto, Corullón, Cubillos del Sil, Fresnedo, Fabero, Folgoso de la Ribera, Igueña, Molinaseca, Noceda, Oencia, Ponferrada, Priaranza, Puente de Domingo Flórez, Sancedo, Sobrado, Toreno, Torre del Bierzo, Trabadelo, Vega de Espinareda, Villadecanes-Toral de los Vados agus Villafranca del Bierzo, chomh maith lena gceantair chomhfhreagracha.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Go bunúsach, is í an timpeallacht gheografach is cúis le sainiúlacht na bhfíonta a thagann ón limistéar: mar gheall ar shaintréithe ithreach, geolaíocha agus aeráide ár gceantair, is limistéar eisceachtúil é chun fíniúnacha a fhás. Tá saintréithe comhchosúla ag na bardais uile, iad siúd a áiríodh ar dtús sa limistéar táirgeachta agus iad siúd a áiríodh le déanaí araon, agus dá bhrí sin is féidir a mheas go bhfuil na bardais sin oiriúnach chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Ina theannta sin, trí shaothar an duine roghnaíodh na cineálacha is iomchuí agus is oiriúnaí don timpeallacht ina bhfásann siad, toisc gur cineálacha dúchasacha iad is féidir a fháil sna bardais uile atá ina gcuid den Ainmniúchán Tionscnaimh. Roghnaíodh an modh fáis is oiriúnaí chun táirge uathúil a fháil freisin, toisc gur dáileachtaí fíonghort iad sin a cuireadh ó bhí deireadh an 19ú céad agus tús an 20ú céad ann, agus na cineálacha céanna, fréamhstoic agus patrúin phlandála agus córais táirgeachta chomhchosúla acu.

Tugtar achoimre thíos ar na príomhthosca a léiríonn an nasc sin:

— Tugann na hithreacha crédhúrabháin, ina bhfuil cainníochtaí éagsúla bloghanna garbha amhail slinn agus grianchloichít, galántacht agus fíneáltacht do na fíonta, rud a fhágann gur féidir idirdhealú a dheánamh go héasca idir iad agus fíonta ó limistéir eile.

— Tá miocraeráid an cheantair éagsúil le miocraeráid na limistéar máguaird atá suite lasmuigh den slabhra sléibhe toisc go bhfuil tionchar láidir Atlantach againn as a n-eascraíonn báisteach fhlúirseach agus meánteocht bhliantúil shéimh, chomh maith le gnéithe ilchríochacha áirithe mar gheall ar na luaineachtaí móra sa teocht a chuidíonn leis na fíonchaora aibiú.

— Tá na fíonghoirt suite ar fhánaí a bhfuil géire agus airde éagsúil acu, agus tá roinnt fíniúnacha ag fás ag airde níos mó ná 1 000 m os cionn leibhéal na farraige, rud a fhágann go mbíonn fíonta úra bríomhara ann.

— Tá na cineálacha atá in El Bierzo oiriúnaithe go foirfe don chomhshaol. Is iad na príomhchineálacha Mencía agus Godello, ach tá gach cineál údaraithe eile againn freisin, cé gur lú an méid sin. Bíonn ár bhfíonta dearga an-torthaíoch, úr agus an-oiriúnach d'aosú i mbairillí. Bíonn na fíonta geala úr, blasta agus bíonn siad tathagach, rud a fhágann gur féidir iad a aithint láithreach.

— Tá na patrúin phlandála a úsáidtear go traidisiúnta cúng, rud a chiallaíonn, in éineacht le saintréithe na hithreach, nach bhfuil táirgeacht fíonchaor an-ard, as a n-eascraíonn fíonchaora ardcháilíochta dea-aibithe a bhfuil paraiméadair anailíseacha chothroma acu.

— Tá breisluach ag baint leis na fíonta ón limistéar sin sa mhéid is go bhfuil meánaois fhíonghoirt Bierzo thart ar 75 bliana. Is iad na seanfhíonghoirt sin atá i gceist le 85 % d'achar dromchla na bhfíniúnacha. Ba cheart a mheabhrú go bhfuil na fíonchaora a fhástar ar na seanfhíniúnacha sin ar cháilíocht an-ard ós rud é, thar na blianta, gur baineadh cothromaíocht amach idir na modhanna táirgthe fíniúnacha agus buain na bhfíonchaor, rud a áirithíonn an t-aibiú is fearr. Tá an córas fréimhe domhain agus cumhachtach in ann iniúchadh a dhéanamh ar raon níos mó talún, rud a áirithíonn cothú mianraí agus soláthar níos mó uisce. Mar gheall air sin, níl na plandaí chomh híogair céanna i leith éagsúlachtaí aeráide bliantúla, rud a áirithíonn aibiú seasta i gcaitheamh na mblianta. Ina theannta sin, cruthaíonn an méid ard seanadhmaid cúltaiscí níos mó, rud a chuidíonn, nuair a dhírítear i dtreo na dtriopall fíonchaor é, leis an gcáilíocht a choinneáil ar bun buain i ndiaidh buana. Thairis sin, bíonn coilm fhairsing ag na seanphlandaí de bharr créachtaí prúnála a chuireann bac ar chúrsaíocht sú trí na soithí, a fhágann go bhfuil líon níos ísle triopall ann, a bheidh níos lú. Mar gheall ar na deacrachtaí imshruthaithe sin, is gnách go gcarnann siúcraí agus comhdhúile cáilíochta eile sna fíonchaora.

— Go hachomair, mar thoradh ar mhiocraeráid shonrach an limistéir a athraíonn idir aeráid Atlantach agus aeráid ilchríochach, mar aon leis an ithir, formhór na seanfhíonghort agus an dlús ard plandaithe, bíonn táirgeacht íseal fíonchaor dea-aibithe ann, rud a tháirgeann fíonta torthaíocha cothromaithe a bhfuil aigéadacht mhaith acu.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

BUIDÉALÚ SAN ÁIT TIONSCNAIMH

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Áiríonn an próiseas fíonóireachta buidéalú agus fíonta a aosú ina dhiaidh sin. Dá réir sin, ní féidir na tréithe orgánaileipteacha agus fisiceacha agus ceimiceacha ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht seo a ráthú ach amháin má tharlaíonn gach ceann de na hoibríochtaí láimhseála fíona laistigh den limistéar táirgeachta. Tá buidéalú fíonta a chumhdaítear leis an ATFC 'Bierzo' ar cheann de na tosca atá ríthábhachtach chun na saintréithe a bhaint amach. Mar thoradh air sin, agus d'fhonn cáilíocht a áirithiú agus ráthaíocht a sholáthar maidir le tionscnamh agus rialú, déantar buidéalú i bhfíonlanna atá suite i ngléasraí buidéalaithe sa limistéar táirgeachta.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Ní mór an t-ainm 'Bierzo' agus an téarma traidisiúnta 'Denominación de Origen' [Ainmniúchán Tionscnaimh], a chuirtear in ionad 'Denominación de Origen Protegida' [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint], a bheith le feiceáil go soiléir.

Tá sé sainordaitheach bliain an fhíona a lua, fiú murar aosaíodh an fíon.

Seo a leanas sonraí roghnacha eile:

Na téarmaí traidisiúnta 'Crianza', 'Reserva' agus 'Gran Reserva'

Na téarmaí ‘fermentado en barrica’ [coipthe i mbairillí], ‘criado en barrica’ [aibithe i mbairillí], nó ‘envejecido en barrica’ [aibithe i mbairillí].

Ainm aonaid gheografaigh níos lú agus na tásca seo a leanas:

‘Vino de Villa’ agus ainm bardais nó ceantair thuaithe a áirítear sa limistéar geografach críochaithe ina dhiaidh sin, ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora ón áit sin agus go gcomhlíonann siad an srian táirgeachta bunaithe.

‘Vino de Paraje’ agus ainm ceantair thuaithe a shainaithnítear sa limistéar geografach críochaithe ina dhiaidh sin, ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora ón áit sin agus go gcomhlíonann siad an srian táirgeachta bunaithe. Marcáiltear gach ceantar tuaithe ar na léarscáileanna in SIGPAC (http://www.crdobierzo.es). Féadfar an tásc sin a chomhlánú leis an bhfaisnéis seo a leanas:

‘Viña Clasificada’, ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora ó dháileacht talún nó ó roinnt dáileachtaí talún in aice láimhe, gur úsáideadh an tásc ‘Vino de Paraje’ ar feadh 5 bliana ar a laghad, agus go gcomhlíonann sé an uasteorainn táirgeachta bhunaithe.

‘Gran Viña Clasificada’, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais uile thuas, ach amháin nach mór an tásc ‘Viña Clasificada’ a bheith in úsáid aige ar feadh 5 bliana ar a laghad.

Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.itacyl.es/documents/20143/342640/PCC+DO+BIERZO+Rev+3_web+%281%20%29.pdf/6cf6bf74-2b34-bb0a-3b63-5f68644c8c0d?t=1785840863332